Is féidir ranníocaíochtaí a íoc nó a chur chun sochair.

ÁSPC Aicme A

Má bhí duine ag obair agus ag íoc ÁSPC, beidh ÁSPC Aicme A íoctha acu mura bhfuil siad:

- Féin fhostaithe
- Fostaithe ag an stát roimh an 6 Aibreán 1995 nó,
- Ag olltuilleamh níos lú ná ?38.00 in aghaidh na seachtaine

Tugann ÁSPC Aicme A teidlíocht ar Shochar an Chuardaitheora Oibre agus ar íocaíochtaí eile árachais shóisialta cosúil le Sochar Breoiteachta.

Tá ÁSPC Aicme A oscailte do dhaoine i bhfostaíocht thionsclaíoch, tráchtála agus seirbhíse atá fostaithe faoi chonradh seirbhíse a bhfuil olltuilleamh de ?38 nó níos mó acu in aghaidh na seachtaine ó gach fostaíocht. Áirítear leis seo freisin Rannpháirtithe Fostaíochta Pobail (CE) (ó 1996) agus oibrithe JI.

Áirítear leis na sochair a d'fhéadfadh duine bheith i dteideal orthu as ucht ÁSPC Aicme A a íoc:

- Sochar an Chuardaitheora Oibre
- Sochar Breoiteachta
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta
- Sochar Máithreachais
- Sochar Uchtaithe
- Sochar Easláinte
- Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir (Ranníocach)
- Liúntas Dílleachta (Ranníocach)
- Pinsean an Stáit (Idirthréimhseach)
- Pinsean an Stáit (Ranníocach)
- Deontas Méala
- Sochar Cóireála
- Sochair Dhíobhálacha Ceirde
- Sochar Cúramóra